2024/1360

31.5.2024

COMHAONTÚ

i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

A. Litir ón Aontas Eorpach

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2.

Ar thabhairt i gcrích na caibidlíochta, tháinig Poblacht Arabach na hÉigipte agus an tAontas Eorpach ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

Gan dochar don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 agus chun críocha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach amháin, aontaíonn an Éigipt leis an bprionsabal agus leis an modheolaíocht maidir leis na gealltanais chainníochtúla sceidealaithe a chionroinnt i bhfoirm tharaif-chuótaí an Aontais Eorpaigh a raibh an Ríocht Aontaithe san áireamh ann i gcás ina bhfuil cainníocht chionroinnte glactha ag an Aontas Eorpach nach bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh ann a thuilleadh, agus an chuid eile den chainníocht glactha ag an Ríocht Aontaithe.

I ndáil le taraif-chuóta 048 (cúcamair, iad úr nó fuaraithe, ón 1 Samhain go dtí an 15 Bealtaine) i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2, aontaíonn an Éigipt agus an tAontas Eorpach leis an athrú seo a leanas ar an ngealltanas sceidealaithe: déanfar méid an Aontais den chuóta *erga omnes* sin a choigeartú go 647 dtona.

I ndáil le taraif-chuóta 048, aithneoidh an tAontas Eorpach ceart caibidlíochta tosaigh na hÉigipte.

Aithníonn an tAontas Eorpach agus an Éigipt go bhfuil an tAontas Eorpach ag leanúint de chaibidlíocht agus de chomhairliúcháin a dhéanamh le Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht agus ar na comhairliúcháin sin, féadfaidh an tAontas Eorpach breithniú a dhéanamh maidir le hathrú ar an méid a leagtar amach thuas maidir le taraif-chuóta 048. I gcás athrú den sórt sin, rachaidh an tAontas Eorpach i gcomhairle leis an Éigipt d'fhonn toradh atá sásúil don dá thaobh a lorg sula rachaidh sé ar aghaidh le haon athrú den sórt sin, gan dochar do chearta gach Páirtí faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Éigipt fógra dá chéile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo curtha i gcrích acu. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh.

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go gcomhaontaíonn do Rialtas leis an méid thuas.

Tá sé d'onóir agam a mholadh, má tá an méid seo thuas inghlactha ag do Rialtas, gurb é atá sa litir seo agus do deimhniú i dteannta a chéile Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt, lena n-áirítear chun críocha Airteagal XXVIII:3(a) de CGTT 1994.

Glac uaim, a Dhuine Uasail, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

Съставено в Брюксел на двадесети декември две хиляди двадесет и трета година.
Hecho en Bruselas, el veinte de diciembre de dos mil veintitrés.
V Bruselu dne dvacátého prosince dva tisíce dvacet tři.
Udfærdiget i Bruxelles den tyvende december to tusind og treogtyve.
Geschehen zu Brüssel am zwanzigsten Dezember zweitausenddreiundzwanzig.
Kahe tuhande kahekümne kolmanda aasta detsembrikuu kahekümnendal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι τρία.
Done at Brussels on the twentieth day of December in the year two thousand and twenty three.
Fait à Bruxelles, le vingt décembre deux mille vingt-trois.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an fichiú lá de mhí na Nollag sa bhliain dhá mhíle fiche a trí.
Sastavljeno u Bruxellesu dvadesetog prosinca godine dvije tisuće dvadeset treće.
Fatto a Bruxelles, addì venti dicembre duemilaventitré.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit trešā gada divdesmitajā decembrī.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt trečių metų gruodžio dvidešimtą dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszonharmadik év december havának huszadik napján.
Magħmul fi Brussell, fl-għoxrin jum ta' Miembro fis-sena elfejn u tlieta u għoxrin.
Gedaan te Brussel, twintig december tweeduizend drieëntwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia dwudziestego grudnia roku dwa tysiące dwudziestego trzeciego.
Feito em Bruxelas, em vinte de dezembro de dois mil e vinte e três.
Întocmit la Bruxelles la douăzeci decembrie două mii douăzeci și trei.
V Bruseli dvadsiateho decembra dvetisícdvadsaťtri.
V Bruslju, dvajsetega decembra dva tisoč triindvajset.
Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenä päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkolme.
Som skedde i Bryssel den tjugonde december år tjugohundratjugotre.

От името на Европейския съюз
En nombre de la Unión Europea
Za Evropskou unii
På vegne af Den Europæiske Union
Im Namen der Europäischen Union
Euroopa Liidu nimel
Εξ ονόματος της Ευρωπαϊκής Ένωσης
On behalf of the European Union
Au nom de l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
U ime Europske unije
A nome dell'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió nevében
F'isem l-Unjoni Ewropea
Namens de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Em nome da União Europeia
În numele Uniunii Europene
Za Európsku úniu
V imenu Evropske unije
Euroopan unionin puolesta
På Europeiska unionens vägnar



B. Litir ó Phoblacht Arabach na hÉigipte

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar a leanas:

'Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2.

Ar thabhairt i gcrích na caibidlíochta, tháinig Poblacht Arabach na hÉigipte agus an tAontas Eorpach ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

Gan dochar don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 agus chun críocha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach amháin, aontaíonn an Éigipt leis an bprionsabal agus leis an modheolaíocht maidir leis na gealltanais chainníochtúla sceidealaithe a chionroinnt i bhfoirm tharaif-chuótaí an Aontais Eorpaigh a raibh an Ríocht Aontaithe san áireamh ann i gcás ina bhfuil cainníocht chionroinnte glactha ag an Aontas Eorpach nach bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh ann a thuilleadh, agus an chuid eile den chainníocht glactha ag an Ríocht Aontaithe.

I ndáil le taraif-chuóta 048 (cúcamair, iad úr nó fuaraithe, ón 1 Samhain go dtí an 15 Bealtaine) i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2, aontaíonn an Éigipt agus an tAontas Eorpach leis an athrú seo a leanas ar an ngealltanas sceidealaithe: déanfar méid an Aontais Eorpaigh den chuóta *erga omnes* sin a choigeartú go 647 dtona.

I ndáil le taraif-chuóta 048, aithneoidh an tAontas Eorpach ceart caibidlíochta tosaigh na hÉigipte.

Aithníonn an tAontas Eorpach agus an Éigipt go bhfuil an tAontas Eorpach ag leanúint de chaibidlíocht agus de chomhairliúcháin a dhéanamh le Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht agus ar na comhairliúcháin sin, féadfaidh an tAontas Eorpach breithniú a dhéanamh maidir le hathrú a dhéanamh ar an méid a leagtar amach thuas maidir le taraif-chuóta 048. I gcás athrú den sórt sin, rachaidh an tAontas Eorpach i gcomhairle leis an Éigipt d'fhonn toradh atá sásúil don dá thaobh a lorg sula rachaidh sé ar aghaidh le haon athrú den sórt sin, gan dochar do chearta gach Páirtí faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Éigipt fógra dá chéile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo curtha i gcrích acu. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh.

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go gcomhaontaíonn do Rialtas leis an méid thuas.

Tá sé d'onóir agam a mholadh, má tá an méid seo thuas inghlactha ag do Rialtas, gurb ionann an litir seo agus do dheimhniú, i dteannta a chéile, agus Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt, lena n-áirítear chun críocha Airteagal XXVIII:3(a) de CGTT 1994.'

Leis seo, tá sé d'onóir agam comhaontú mo Rialtais leis an litir thuas a chur in iúl.

Done at Brussels on the twentieth day of December in the year two thousand and twenty three.
Съставено в Брюксел на двадесети декември две хиляди двадесет и трета година.
Hecho en Bruselas, el veinte de diciembre de dos mil veintitrés.
V Bruselu dne dvacátého prosince dva tisíce dvacet tři.
Udfærdiget i Bruxelles den tyvende december to tusind og treogtyve.
Geschehen zu Brüssel am zwanzigsten Dezember zweitausenddreiundzwanzig.
Kahe tuhande kahekümne kolmanda aasta detsembrikuu kahekümnendal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι τρία.
Fait à Bruxelles, le vingt décembre deux mille vingt-trois.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an fichiú lá de mhí na Nollag sa bhliain dhá mhíle fiche a trí.
Sastavljeno u Bruxellesu dvadesetog prosinca godine dvije tisuće dvadeset treće.
Fatto a Bruxelles, addì venti dicembre duemilaventitré.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit trešā gada divdesmitajā decembrī.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt trečių metų gruodžio dvidešimtą dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszonharmadik év december havának huszadik napján.
Magħmul fi Brussell, fl-għoxrin jum ta' Diċembru fis-sena elfejn u tlieta u għoxrin.
Gedaan te Brussel, twintig december tweeduizend drieëntwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia dwudziestego grudnia roku dwa tysiące dwudziestego trzeciego.
Feito em Bruxelas, em vinte de dezembro de dois mil e vinte e três.
Întocmit la Bruxelles la douăzeci decembrie două mii douăzeci şi trei.
V Bruseli dvadsiateho decembra dvetisícdvadsaťtri.
V Bruslju, dvajsetega decembra dva tisoč triindvajset.
Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenä päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkolme.
Som skedde i Bryssel den tjugonde december år tjugohundratjugotre.

On behalf of the Arab Republic of Egypt
От името на Арабска република Египет
En nombre de la República Árabe de Egipto
Za Egyptskou arabskou republiku
På vegne af Den Arabiske Republik Egypten
Im Namen der Arabischen Republik Ägypten
Egiptuse Araabia Vabariigi nimel
Εξ ονόματος της Αραβικής Δημοκρατίας της Αιγύπτου
Au nom de la République arabe d'Égypte
Thar ceann Phoblacht Arabach na hÉigipte
U ime Arapske Republike Egipta
A nome della Repubblica araba d'Egitto
Ēģiptes Arābu Republikas vārdā –
Egipto Arabų Respublikos vardu
Az Egyiptomi Arab Köztársaság nevében
F'isem ir-Repubblika Għarbija tal-Eġittu
Namens de Arabische Republiek Egypte
W imieniu Arabskiej Republiki Egiptu
Em nome da República Árabe do Egito
În numele Republicii Arabe Egipt
Za Egyptskú arabskú republiku
V imenu Arabske republike Egipt
Egyptin arabitasavallan puolesta
På Arabrepubliken Egyptens vägnar

